**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2021/0406(COD)**

28.7.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha
(COM(2021)0775 – C9-0458/2021 – 2021/0406(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Markéta Gregorová

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Sa gheilleagar domhanda idirnasctha nua-aimseartha tá riosca méadaithe ann maidir le comhéigean eacnamaíoch, agus tuilleadh deiseanna go dtarlódh sé, mar sa domhan seo tugtar modhanna breise do thíortha, lena n-áirítear modhanna hibrideacha, comhéigean den sórt sin a chur in úsáid. Tá sé ***inmhianaithe*** go gcuirfidh an tAontas le creataí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt agus a shoiléiriú chun cásanna comhéigin eacnamaíoch a chosc agus a dhíothú. | (5) Sa gheilleagar domhanda idirnasctha nua-aimseartha, tá riosca méadaithe ann maidir le comhéigean eacnamaíoch, agus tuilleadh deiseanna go dtarlódh sé, mar sa domhan seo tugtar modhanna breise, lena n-áirítear modhanna hibrideacha***, díreacha nó indíreacha,*** comhéigean den sórt sin a chur in úsáid do thíortha, ***go háirithe do réimis neamhdhaonlathacha***. Tá sé ***tábhachtach*** go gcuirfidh an tAontas le creataí idirnáisiúnta a chruthú, a fhorbairt agus a shoiléiriú chun cásanna comhéigin eacnamaíoch a chosc agus a dhíothú. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Leanann réimis neamhdhaonlathacha, amhail Cónaidhm na Rúise, Daon-Phoblacht na Síne nó Poblacht Ioslamach na hIaráine, den bhonn a bhaint ón ord riailbhunaithe idirnáisiúnta, de bheith ag bagairt ar rialachas daonlathach agus slándáil an Aontais agus na mBallstát, agus dár n-iomaíochas eacnamaíoch a dhíghrádú.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Agus é ag gníomhú i gcónaí faoi chuimsiú an dlí idirnáisiúnta, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh ionstraim iomchuí ag an Aontas chun cosc a chur ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha agus chun cur ina aghaidh sin chun a chearta agus a leasanna, agus cearta agus leasanna a Bhallstát, a choimirciú. Is amhlaidh atá go háirithe nuair a dhéanann tríú tíortha bearta a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht agus a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit, ar bearta iad a fhéachann le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh. Ar na bearta den sórt sin a dhéanann difear don trádáil nó don infheistíocht, féadfar a áireamh, ní hamháin gníomhaíochtaí a dhéantar i leith chríoch an tríú tír agus a bhfuil éifeachtaí acu laistigh di, ach gníomhaíochtaí a dhéanann an tríú tír freisin, lena n-áirítear trí eintitis atá á rialú nó á stiúradh ag an tríú tír agus atá lonnaithe san Aontas, ar gníomhaíochtaí iad a dhéanann díobháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas. | (6) Agus é ag gníomhú i gcónaí faoi chuimsiú an dlí idirnáisiúnta, tá sé fíor-riachtanach go mbeidh ionstraim iomchuí ag an Aontas chun cosc a chur ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha agus chun cur ina aghaidh sin chun a chearta agus a leasanna, agus cearta agus leasanna a Bhallstát, a choimirciú. Is amhlaidh atá, go háirithe, nuair a dhéanann tríú tíortha bearta***, nó nuair a bhragraíonn siad bearta a dhéanamh,*** lena ndéantar difear do thrádáil nó d'infheistíocht agus lena gcuirtear isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit***, lena n-áirítear a chuid gníomhaíochtaí agus cinntí rialtais nó breithiúnacha,*** trí fhéachaint***, go díreach nó go hindíreach,*** le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh. Ar na bearta sin lena ndéantar difear don trádáil nó don infheistíocht***, nó lena mbagraítear na bearta sin a dhéanamh,*** féadfar a áireamh, ní hamháin gníomhaíochtaí ***arna ndéanamh nó arna mbagairt*** agus a bhfuil éifeachtaí acu laistigh de chríoch tríú tír, ach freisin gníomhaíochtaí ***arna ndéanamh nó arna mbagairt*** ag an tríú tír, lena n-áirítear trí eintitis atá á rialú nó á stiúradh ag an tríú tír agus atá lonnaithe san Aontas, ar gníomhaíochtaí iad lena ndéantar díobháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas***, amhail, i measc nithe eile, éifeachtaí seach-chríochacha áirithe a bhíonn ag smachtbhannaí tríú tír***. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) Baineann comhéigean eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne i gcoinne na Liotuáine, ar Ballstát de chuid an Aontais í , an bonn ó bhunphrionsabail mhargadh aonair an Aontais agus tá gá le freagairt chomhpháirteach ina leith.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) Baineann comhéigean eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne i gcoinne tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha an bonn ó bheartais mhéadaithe an Aontais agus ó rath na n-athchóirithe daonlathacha agus eacnamaíocha i dtíortha ar mian leo a bheith ina mBallstáit den Aontas. Is é atá mar thoradh ar infheistíochtaí agus iasachtaí na Síne i dtíortha na mBalcán Thiar, go háirithe an iasacht dar luach EUR 1 bhilliún a ghlac rialtas Mhontainéagró chun mórbhealach Bar-Boljare a thógáil, gur leochailí a bhíonn na tíortha sin i leith trasnaíocht eachtrach agus go gcuirtear ualach ar a n-airgeadas poiblí.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe cur in aghaidh chomhéigean eacnamaíoch an Aontais nó Ballstáit de dhéanamh tríú tíortha, ní féidir leis na | (8) Cuspóirí an Rialacháin seo, go háirithe cur in aghaidh chomhéigean eacnamaíoch an Aontais nó Ballstáit de dhéanamh tríú tíortha, ní féidir leis na |

| | |
|---|---|
| Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach leordhóthanach agus iad gníomhú dóibh ina n-aonar. Is amhlaidh atá toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit, mar ghníomhaithe ar leith faoin dlí idirnáisiúnta, a bheith i dteideal freagairt do chomhéigean eacnamaíoch atá dírithe ar an Aontas, faoin dlí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, de thoradh na hinniúlachta eisiaiche a thugtar don Aontas trí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirtear cosc ar na Ballstáit bearta comhbheartais tráchtála a ghlacadh mar fhreagairt ar chomhéigean eacnamaíoch. Dá bhrí sin, ***is féidir*** na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais. | Ballstáit na cuspóirí sin a bhaint amach ar bhealach leordhóthanach agus iad gníomhú dóibh ina n-aonar. Is amhlaidh atá toisc nach bhféadfaidh na Ballstáit, mar ghníomhaithe ar leith faoin dlí idirnáisiúnta, a bheith i dteideal freagairt do chomhéigean eacnamaíoch atá dírithe ar an Aontas, faoin dlí idirnáisiúnta. Ina theannta sin, de thoradh na hinniúlachta eisiaiche a thugtar don Aontas trí Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, cuirtear cosc ar na Ballstáit bearta comhbheartais tráchtála a ghlacadh mar fhreagairt ar chomhéigean eacnamaíoch. Dá bhrí sin, ***baintear*** na cuspóirí sin amach ar bhealach níos éifeachtaí ar leibhéal an Aontais***, agus de mheon na haontachta agus na dlúthpháirtíochta***. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun creat éifeachtach cuimsitheach a chruthú maidir le gníomhaíocht an Aontais in aghaidh comhéigean eacnamaíoch, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos i ndáil cur in aghaidh bhearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch, mar aon leis na bearta sin a scrúdú agus a chinneadh. Sula ndéanfar bearta freagartha an Aontais, ba cheart, go háirithe, scrúdú a dhéanamh ar na fíorais, cinneadh a dhéanamh an ann don chomhéigean eacnamaíoch agus, nuair is féidir sin, iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach i gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann. Ba cheart aon bhearta a fhorchuireann an tAontas a bheith in-chomhthomhaiste leis an díobháil a dhéanfadh bearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch. Sna critéir maidir le bearta freagartha an Aontais a | (9) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, chun creat éifeachtach cuimsitheach a chruthú maidir le gníomhaíocht an Aontais in aghaidh comhéigean eacnamaíoch, is gá agus is iomchuí rialacha a leagan síos i ndáil cur in aghaidh bhearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch, mar aon leis na bearta sin a scrúdú agus a chinneadh. Sula ndéanfar bearta freagartha an Aontais, ba cheart, go háirithe, ***le linn tréimhse réasúnach ama nach faide ná 3 mhí,*** scrúdú a dhéanamh ar na fíorais, cinneadh a dhéanamh an ann do chomhéigean eacnamaíoch agus, nuair is féidir sin, iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach i gcomhar leis an tríú tír lena mbaineann. Ba cheart aon bhearta a fhorchuireann an tAontas a bheith in-chomhthomhaiste leis an díobháil a dhéanfadh bearta na dtríú tíortha um chomhéigean eacnamaíoch. Sna |

| | |
|---|---|
| shainiú, ba cheart a chur san áireamh go háirithe an gá atá le héifeachtaí comhthaobhacha, ualaí riaracháin agus costais arna bhforchur ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a sheachaint nó a íoslaghdú, chomh maith le leasanna an Aontais. Dá bhrí sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. | critéir maidir le bearta freagartha an Aontais a shainiú, ba cheart a chur san áireamh go háirithe an gá atá le héifeachtaí comhthaobhacha, ualaí riaracháin agus costais arna bhforchur ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais a sheachaint nó a íoslaghdú, chomh maith le leasanna an Aontais. Dá bhrí sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Toirmisctear an comhéigean faoin dlí idirnáisiúnta i gcás ina n-úsáideann tír bearta amhail srianta trádála nó infheistíochta chun gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta a fháil ó thír eile nach bhfuil oibleagáid idirnáisiúnta ar an tír sin é a dhéanamh ach gur gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta a thagann faoin cheannasacht na tíre sin, nuair a bhaineann an comhéigean tairseach cháilíochtúil nó chainníochtúil áirithe amach, ag brath ar an gcuspóir atá beartaithe agus ar na modhanna a úsáideadh. Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an tríú tír ar bhonn critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a chuidíonn chun a chinneadh an gcuireann an tríú tír isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit agus an comhéigean eacnamaíoch é a gníomhaíocht lena n-éileofaí freagairt ón Aontas. | (11) Toirmisctear an comhéigean faoin dlí idirnáisiúnta nuair a úsáideann tír bearta amhail srianta trádála nó infheistíochta***, nó glacadh dlíthe a bhfuil feidhm sheach-chríochach acu agus lena mbaintear an bonn ó leasanna oibreoirí eacnamaíocha de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh acu,*** chun gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta a fháil ó thír eile nach bhfuil oibleagáid idirnáisiúnta ar an tír sin é a dhéanamh ach gur gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta í a thagann faoi cheannasacht na tíre sin, nuair a bhaineann an comhéigean tairseach cháilíochtúil nó chainníochtúil áirithe amach, ag brath ar an gcuspóir atá beartaithe agus ar na modhanna arna n-úsáid. Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht an tríú tír ar bhonn critéir cháilíochtúla agus chainníochtúla a chuidíonn chun a chinneadh an gcuireann an tríú tír isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit***, an bhfuil an tríú tír ag gabháil do phatrún trasnaíochta lena bhféachtar le gníomhartha áirithe a fháil ón Aontas nó ó na Ballstáit nó ó thíortha eile; an bhfuil*** |

| | |
|---|---|
| | ***an tríú tír ag gníomhú ar bhonn ábhar imní dlisteanach a aithnítear go hidirnáisiúnta; an ndearna an tríú tír iarrachtaí cearta, roimh fhorchur a mbeart, de mheon macánta, réiteach a fháil ar an gcás trí chomhordú nó breithniú idirnáisiúnta, bíodh sin déthaobhach nó laistigh d'fhóram idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndearnadh, ar an mbealach a ndearnadh iad; tréine, déine, minicíocht, fad, leithead agus méid bheart an tríú tír agus an brú a thagann as***, agus an ionann a ghníomhaíocht agus comhéigean eacnamaíoch a n-éilítear freagairt ón Aontas ina leith. |

Leasú 9

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil bearta tríú tír comhéigneach, ar a thionscnamh féin nó tar éis faisnéis arna fáil ó aon fhoinse, lena n-áirítear daoine dlítheanacha agus nádúrtha nó Ballstát. Tar éis an scrúdaithe sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh an bhfuil an beart tríú tír comhéigneach. Ba cheart don Choimisiún aon chinneadh dearfach a chur in iúl don tríú tír lena mbaineann, mar aon le hiarraidh go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, go ndeiseofaí aon díobháil a rinneadh. | (13) Ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh an bhfuil bearta tríú tír comhéigneach, ar a thionscnamh féin nó tar éis dó faisnéis a fháil ó aon fhoinse, lena n-áirítear daoine dlítheanacha agus nádúrtha, ***Parlaimint na hEorpa*** nó Ballstát. Tar éis an scrúdaithe sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh an bhfuil an beart tríú tír comhéigneach. Ba cheart don Choimisiún aon chinneadh dearfach a chur in iúl don tríú tír lena mbaineann, mar aon le hiarraidh go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch ***laistigh de thréimhse nach faide ná 90 lá*** agus, i gcás inarb iomchuí, go gcúiteofaí aon díobháil a rinneadh. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart don Aontas tacú agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um | (14) Ba cheart don Aontas tacú agus oibriú i gcomhar le tríú tíortha a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um |

| | |
|---|---|
| chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh, nó le tríú tíortha leasmhara eile. Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chomhordú idirnáisiúnta i bhfóraim dhéthaobhacha, ilpháirtithe nó iltaobhacha atá dírithe ar an gcomhéigean eacnamaíoch a chosc nó a dhíothú. | chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh, nó le tríú tíortha leasmhara eile***, go háirithe le comhpháirtithe daonlathacha atá ar aon intinn leis***. Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh sa chomhordú idirnáisiúnta i bhfóraim dhéthaobhacha, ilpháirtí nó iltaobhacha atá dírithe ar an gcomhéigean eacnamaíoch a chosc nó a dhíothú. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Níor cheart don Aontas frithbhearta a fhorchur ach amháin nuair nach mbeidh de thoradh ar mhodhanna eile amhail caibidlíocht, idirghabháil nó breithniú, go scoirfí den chomhéigean eacnamaíoch go pras agus go héifeachtach agus go ndéanfaí an díobháil a rinneadh don Aontas nó dá Bhallstáit leis a chúiteamh, agus nuair is gá beart a dhéanamh chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint agus nuair is chun leas an Aontais é. Is iomchuí go leagtar amach sa Rialachán na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le bearta freagartha an Aontais a fhorchur agus a chur i bhfeidhm agus go gceadaítear gníomhaíocht ghasta leis ***i gcás inar gá*** chun éifeachtacht aon bheart freagartha Aontais a chaomhnú. | (15) Níor cheart don Aontas frithbhearta a fhorchur ach amháin nuair nach mbeidh de thoradh ar mhodhanna eile amhail caibidlíocht, idirghabháil nó breithniú, go scoirfí***, laistigh de thréimhse nach faide ná 6 mhí i ndiaidh cinneadh gur ann do chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tír,*** den chomhéigean eacnamaíoch go pras agus go héifeachtach, agus go ndéanfaí an díobháil a rinneadh don Aontas nó dá Bhallstáit leis a chúiteamh, agus nuair is gá beart a dhéanamh chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint agus nuair is chun leas an Aontais é. Is iomchuí go leagtar amach sa Rialachán na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le bearta freagartha an Aontais a fhorchur agus a chur i bhfeidhm agus go gceadaítear gníomhaíocht ghasta leis chun éifeachtacht aon bheart freagartha de chuid an Aontais a chaomhnú. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart bearta freagartha an | (16) Ba cheart bearta freagartha an |

| | |
|---|---|
| Aontais arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo a roghnú agus a dhearadh ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear: éifeachtacht na mbeart chun scor chomhéigean an tríú tír a spreagadh; a n-acmhainneacht faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas a ndearnadh bearta um chomhéigean eacnamaíoch a rinne an tríú tír difear dóibh; an aidhm éifeachtaí diúltacha eacnamaíocha agus éifeachtaí eile ar an Aontas a sheachaint nó a íoslaghdú; castacht dhíréireach riaracháin agus costais dhíréireacha a sheachaint. Tá sé fíor-riachtanach freisin go gcuirfear leas an Aontais san áireamh agus bearta freagartha an Aontais á roghnú agus á ndearadh. Ba cheart bearta freagartha an Aontais a roghnú ó réimse leathan roghanna ionas go mbeifear in ann na bearta is oiriúnaí a ghlacadh in aon chás ar leith. | Aontais arna nglacadh i gcomhréir leis an Rialachán seo a roghnú agus a dhearadh ar bhonn critéir oibiachtúla, lena n-áirítear: éifeachtacht na mbeart chun scor chomhéigean an tríú tír a spreagadh; ***éifeachtacht na mbeart chun an díobháil arna déanamh leis an gcomhéigean eacnamaíoch a chúiteamh;*** a n-acmhainneacht faoiseamh a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha laistigh den Aontas a ndearna bearta um chomhéigean eacnamaíoch a rinne an tríú tír difear dóibh; an aidhm éifeachtaí diúltacha eacnamaíocha agus éifeachtaí eile ar an Aontas a sheachaint nó a íoslaghdú; castacht dhíréireach riaracháin agus costais dhíréireacha a sheachaint***; cur in iúl straitéiseach ghníomhaíochtaí an Aontais chun a áirithiú nach ndéanann tríú tír bréagléiriú orthu nó nach ndéanann sí iad a ionramháil trí mhífhaisnéis, bréagaisnéis nó bolscaireacht; seachaint nó íoslaghdú tionchar diúltach ar bheartais nó cuspóirí eile de chuid an Aontais; gur ann d'aon bheart freagartha agus cineál aon bhirt freagartha arna achtú ag tíortha eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear dóibh***. Tá sé fíor-riachtanach freisin go gcuirfear leas an Aontais san áireamh agus bearta freagartha an Aontais á roghnú agus á ndearadh. Ba cheart bearta freagartha an Aontais a roghnú ó réimse leathan roghanna ionas go mbeifear in ann na bearta is oiriúnaí a ghlacadh in aon chás ar leith. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Agus an cuspóir na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a scor á shaothrú, bearta freagartha an Aontais ina | (18) Agus an cuspóir na bearta um chomhéigean eacnamaíoch a scor ***agus díobháil arna déanamh a chúiteamh*** á |

mbeidh srianta ar infheistíocht dhíreach eachtrach nó ar thrádáil seirbhísí, ní bheidh feidhm acu sin ach maidir le seirbhísí arna soláthar, nó infheistíochtaí díreacha arna ndéanamh, laistigh den Aontas ag duine dlítheanach amháin nó níos mó ná sin atá bunaithe san Aontas agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine ón tríú tír lena mbaineann, i gcás inar gá sin chun éifeachtacht bhearta freagartha an Aontais a áirithiú, agus go háirithe chun seachaint na mbeart a chosc. Beidh údar cuí leis an gcinneadh aon srian den sórt sin a fhorchur i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo i bhfianaise na gcritéar a shonraítear sa Rialachán seo.

shaothrú, níor cheart go mbeadh feidhm ag bearta freagartha an Aontais ina mbeidh srianta ar infheistíocht dhíreach eachtrach nó ar thrádáil seirbhísí ach maidir le seirbhísí arna soláthar, nó infheistíochtaí díreacha arna ndéanamh, laistigh den Aontas ag duine dlítheanach amháin nó níos mó ná sin atá bunaithe san Aontas agus atá faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine ón tríú tír lena mbaineann, i gcás inar gá sin chun éifeachtacht bhearta freagartha an Aontais a áirithiú, agus go háirithe chun seachaint na mbeart a chosc. Beidh údar cuí leis an gcinneadh aon srian den sórt sin a fhorchur i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo i bhfianaise na gcritéar a shonraítear sa Rialachán seo.

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Tá sé tábhachtach cumarsáid éifeachtach agus malartú tuairimí agus faisnéise a áirithiú idir an Coimisiún de pháirt amháin agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle den pháirt eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí chun bheith rannpháirteach leis an tríú tír lena mbaineann chun roghanna a fhiosrú d'fhonn an comhéigean eacnamaíoch a scor agus maidir le hábhair a bhféadfadh glacadh na mbeart freagartha Aontais faoin Rialachán seo a bheith mar thoradh orthu. | (21) Tá sé tábhachtach cumarsáid éifeachtach ***agus rialta*** agus malartú tuairimí agus faisnéise a áirithiú idir an Coimisiún, de pháirt amháin, agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, den pháirt eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí chun bheith rannpháirteach leis an tríú tír lena mbaineann chun roghanna a fhiosrú d'fhonn an comhéigean eacnamaíoch a scor agus ***an díobháil arna déanamh a chúiteamh, agus*** maidir le hábhair a bhféadfadh glacadh beart freagartha Aontais faoin Rialachán seo a bheith mar thoradh orthu. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun cosaint éifeachtach leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú i gcás ina bhfuil tríú tír ag iarraidh, trí bhearta a dhéanann difear do thrádáil nó d'infheistíocht, an tAontas nó Ballstát a chomhéigniú gníomh áirithe a ghlacadh nó staonadh ó ghníomh áirithe a ghlacadh. Leis an Rialachán seo, déantar foráil maidir le creat don Aontas chun freagairt a thabhairt i gcásanna den sórt sin agus é mar chuspóir aige cosc a chur ar ghníomhaíochtaí den sórt sin, nó go staonfadh an tríú tír ó na gníomhaíochtaí sin, agus é á cheadú don Aontas, mar rogha dheireanach, cur in aghaidh gníomhaíochtaí den sórt sin. | 1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta chun cosaint éifeachtach leasanna an Aontais agus a Bhallstát a áirithiú i gcás ina bhféachann tríú tír, trí bhearta***, mainneachtain gníomhú nó bagairt amhlaidh a dhéanamh***, lena ndéantar difear do thrádáil nó d'infheistíocht, ***lena n-áirítear trí dhlíthe a bheith á nglacadh ag tríú tír a bhfuil feidhm sheach-chríochach acu agus lena mbaintear an bonn ó leasanna oibreoirí eacnamaíocha de chuid an Aontais a bhfuil a gcuid oibleagáidí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh acu,*** an tAontas nó Ballstát a chomhéigniú gníomh áirithe a ghlacadh nó staonadh ó ghníomh áirithe a ghlacadh. Leis an Rialachán seo, déantar foráil maidir le creat don Aontas chun freagairt a thabhairt sna cásanna sin agus é mar chuspóir aige cosc a chur ar na gníomhaíochtaí sin, ***scor a bhaint amach agus cúiteamh ar an díobháil arna déanamh a fháil***, nó go staonfadh an tríú tír ó na gníomhaíochtaí sin, agus é á cheadú don Aontas, mar rogha dheireanach, cur in aghaidh na ngníomhaíochtaí sin. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit, ar bearta iad a fhéachann le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh. | — a chuireann isteach ar roghanna ceannasacha dlisteanacha an Aontais nó Ballstáit***, lena n-áirítear a chuid gníomhaíochtaí agus cinntí rialtais agus breithiúnacha,*** trí fhéachaint le scor, modhnú nó glacadh gnímh ar leith de chuid an Aontais nó Ballstáit a chosc nó a dhéanamh, ***lena n-áirítear éifeachtaí seach-chríochacha áirithe a bhíonn ag dlíthe agus cinntí breithiúnacha tríú*** |

***tíortha***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — a chuireann nó a bhagraíonn go gcuirfidh sí bearta ***a dhéanann difear do*** thrádáil ***nó*** d'infheistíocht i bhfeidhm**.** | — trí bhearta ***lena mbaintear an bonn ón tslándáil eacnamaíoch,*** ón trádáil**,** ón infheistíocht ***nó ón iomaíochas*** a chur i bhfeidhm***, trí mhainneachtain iad a chur i bhfeidhm*** nó trí bhagairt iad a chur i bhfeidhm |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – fleasc 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***- a théann timpeall ar bhearta sriantacha arna bhforchur ag an Aontas nó a chuidíonn le tríú tír dul timpeall ar na bearta sriantacha sin*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh: | 2. Agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh, cuirfear an méid seo a leanas san áireamh: |
| (a) tréine, déine, minicíocht, fad, leithead agus méid an bhirt tríú tír agus an brú a thagann as; | (a) tréine, déine, minicíocht, fad, leithead agus méid bheart***, mhainneachtain gníomhú nó bhagairt déanamh amhlaidh an tríú tír, mar aon leis*** an mbrú a thagann as; |
| (b) an bhfuil an tríú tír i mbun patrún | (b) an bhfuil an tríú tír i mbun patrún |

| | |
|---|---|
| cur isteach a fhéachann le gníomhartha áirithe a fháil ón Aontas nó ó na Ballstáit nó ó thíortha eile; | cur isteach lena bhféachtar le gníomhartha áirithe a fháil ón Aontas nó ó na Ballstáit nó ó thíortha eile***, nó le bac a chur ar acmhainneacht an Aontais nó na mBallstát gníomhú;*** |
| | ***(b a) an comhthéacs foriomlán, lena n-áirítear cibé atá bearta comhéigneacha an tríú tír ina gcuid de phatrún iompraíochta níos leithne lena mbaintear an bonn ó leasanna an Aontais nó na mBallstát, óna slándáil nó óna n-acmhainneacht gníomhú;*** |
| (c) a mhéid a dhéanann an beart tríú tír cúngú ar cheannasacht an Aontais nó na mBallstát; | (c) a mhéid a dhéanann beart***, mainneachtain gníomhú nó bagairt déanamh amhlaidh*** an tríú tír nó cúngú ar cheannasacht an Aontais nó na mBallstát; |
| (d) an bhfuil an tríú tír ag gníomhú ar bhonn ábhar imní dlisteanach a aithnítear ***go hidirnáisiúnta;*** | (d) an bhfuil an tríú tír ag gníomhú ar bhonn ábhar imní dlisteanach a shainítear go maith agus a aithnítear ***mar dhlisteanach faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta;*** |
| (e) an ndearna an tríú tír iarrachtaí cearta, roimh fhorchur a mbeart, de mheon macánta, réiteach a fháil ar an gcás trí chomhordú nó breithniú idirnáisiúnta, bíodh sin déthaobhach nó laistigh d'fhóram idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndearnadh, ar cén bealach a ndearnadh iad. | (e) an ndearna an tríú tír iarrachtaí cearta, roimh fhorchur a mbeart, de mheon macánta, réiteach a fháil ar an gcás trí chomhordú nó breithniú idirnáisiúnta, bíodh sin déthaobhach nó laistigh d'fhóram idirnáisiúnta, agus i gcás ina ndearnadh, ar an mbealach a ndearnadh iad. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Féadfaidh*** an Coimisiún scrúdú a dhéanamh ar aon bheart tríú tír chun a chinneadh an gcomhlíonann sé na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1). Gníomhóidh an Coimisiún go gasta. | 1. ***Déanfaidh*** an Coimisiún scrúdú ar bheart***, mainneachtain gníomhú agus bagairt déanamh amhlaidh*** de chuid tríú tír chun a chinneadh an gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1). Gníomhóidh an Coimisiún go gasta. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** an Coimisiún an scrúdú dá dtagraítear i mír 1 a dhéanamh ar a thionscnamh féin nó tar éis faisnéis a fháil ó aon fhoinse. Áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar faisnéis rúnda i gcomhréir le hAirteagal 12, rud a bhféadfadh céannacht sholáthróir na faisnéise a bheith san áireamh inti. | 2. ***Déanfaidh*** an Coimisiún an scrúdú dá dtagraítear i mír 1 ar a thionscnamh féin nó tar éis dó faisnéis a fháil ó aon fhoinse. Áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar faisnéis rúnda i gcomhréir le hAirteagal 12, a bhféadfadh céannacht sholáthróir na faisnéise a bheith san áireamh inti. ***Bainfidh an Coimisiún úsáid as an bpointe teagmhála aonair agus éascóidh sé tíolacadh anaithnid nó poiblí faisnéise ó fhoinsí seachtracha.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún fógra a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó trí mhodhanna cumarsáide poiblí oiriúnacha eile mar aon le cuireadh chun faisnéis a chur isteach laistigh de theorainn shonrach ama. Sa chás sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir leis an scrúdú a thosú. | ***Déanfaidh*** an Coimisiún ***aon fhorbairt sa scrúdú ar bhearta tríú tír a chur in iúl go cuí agus go tráthúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Foilseoidh sé*** fógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó trí mhodhanna cumarsáide poiblí oiriúnacha eile ina mbeidh cuireadh chun faisnéis a thíolacadh laistigh de theorainn shonrach ama; ***nach mbeidh níos faide ná 4 mhí***. Sa chás sin, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir leis an scrúdú a thosú***. Áiritheoidh an Coimisiún go dtiomnófar acmhainní leordhóthanacha chun go mbeidh sé in ann an scrúdú a dhéanamh go mear.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sula nglacfaidh sé a chinneadh, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar an tríú tír lena mbaineann a chuid barúlacha a thíolacadh. | Sula nglacfaidh sé a chinneadh, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an tríú tír lena mbaineann a cuid barúlacha a thíolacadh ***laistigh de theorainn réasúnach shonrach ama nach gcuirfidh moill mhíchuí ar chinneadh an Choimisiúin***. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíonann beart an tríú tír lena mbaineann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1), tabharfaidh sé fógra don tríú tír lena mbaineann faoina chinneadh agus iarrfaidh sé uirthi scor den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, an díobháil a d'fhulaing an tAontas nó a Bhallstáit a dheisiú. | I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go gcomhlíonann beart an tríú tír lena mbaineann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 2(1), tabharfaidh sé fógra don tríú tír lena mbaineann faoina chinneadh agus iarrfaidh sé uirthi scor den chomhéigean eacnamaíoch agus, i gcás inarb iomchuí, an díobháil a d'fhulaing an tAontas nó a Bhallstáit a chúiteamh***, laistigh de thréimhse réasúnach shonrach ama nach faide ná 3 mhí***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1 – fleasc 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — an t-ábhar a chur faoi bhráid breithniú idirnáisiúnta. | — an t-ábhar a chur***, i gcomhthráth,*** faoi bhráid breithniú idirnáisiúnta***, gan aon moill mhíchuí a theacht ar an gcinneadh ón gCoimisiún dá bharr***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féachfaidh an Coimisiún le scor den chomhéigean eacnamaíoch a bhaint amach tríd an gceist a tharraingt anuas ***freisin*** in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha. | Féachfaidh an Coimisiún le scor den chomhéigean eacnamaíoch a bhaint amach tríd an ábhar a tharraingt anuas***, sa bhreis ar chinneadh an Choimisiúin maidir le bearta an tríú tír,*** in aon fhóram idirnáisiúnta ábhartha. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi na forbairtí ***ábhartha***. | Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ***go hiomlán, go rialta agus go tráthúil*** faoi na forbairtí ***go léir***. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus é i dteagmháil leis an tríú tír lena mbaineann, gheobhaidh an Coimisiún tacaíocht, i gcás inarb inmhianaithe nó ina meastar gur gá, ó institiúidí ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe ó SEGS agus ó thoscaireacht an Aontais chuig an tríú tír lena mbaineann.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Maidir leis an tréimhse shonraithe ama faoina bhféadfaidh an tríú tír lena mbaineann scor den chomhéigean agus í*** |

***a chúiteamh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 4, féadfar í a fhadú i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo.***

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin nó comhar, thar ceann an Aontais, le haon tír eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear di, nó le haon tríú tír leasmhar, d'fhonn an comhéigean a scor. ***I gcás inarb iomchuí, d'fhéadfadh*** comhordú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus comhordú mar fhreagairt ar an gcomhéigean a bheith i gceist leis sin. | Rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin nó comhar, thar ceann an Aontais, le haon tír eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla um chomhéigean eacnamaíoch difear di, nó le haon tríú tír leasmhar, d'fhonn an comhéigean a scor. ***Ba cheart go mbeadh*** comhordú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta agus comhordú mar fhreagairt ar an gcomhéigean i gceist leis sin. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Agus é i dteagmháil le haon tír eile a ndéanann na bearta céanna nó comhchosúla comhéigin eacnamaíoch difear di, gheobhaidh an Coimisiún tacaíocht, i gcás inarb inmhianaithe nó ina meastar gur gá, ó institiúidí ábhartha eile de chuid an Aontais, go háirithe ó SEGS agus ó thoscaireacht an Aontais chuig an tríú tír lena mbaineann.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tá gá le gníomhaíocht chun leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint sa chás áirithe sin, agus | (b) tá gá le gníomhaíocht chun ***slándáil,*** leasanna agus cearta an Aontais agus a Bhallstát a chosaint sa chás áirithe sin, agus |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Sa ghníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún freisin freagairt iomchuí an Aontais as measc na mbeart dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh feidhm a bheith ag na bearta sin freisin maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 8. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh freisin, ar bearta iad is féidir leis a dhéanamh de bhun ionstraimí dlíthiúla eile. | Sa ghníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún freisin freagairt iomchuí an Aontais***, lena n-áirítear*** as measc na mbeart dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I. Féadfaidh feidhm a bheith ag na bearta sin freisin maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 8. Féadfaidh an Coimisiún bearta a ghlacadh freisin, ar bearta iad is féidir leis a dhéanamh de bhun ionstraimí dlíthiúla eile. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh feidhm ag bearta freagartha an Aontais ó dháta sonraithe tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1. Socróidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm sin, agus na himthosca á gcur san áireamh aige, ionas go bhféadfar fógra a thabhairt don tríú tír lena mbaineann de bhun mhír 3 agus ionas go bhféadfaidh an tríú tír an comhéigean eacnamaíoch a scor. | 2. Beidh feidhm ag bearta freagartha an Aontais ó dháta sonraithe i ndiaidh ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1. Socróidh an Coimisiún an dáta cur i bhfeidhm sin, agus na himthosca á gcur san áireamh aige, ionas go bhféadfar fógra a thabhairt don tríú tír lena mbaineann de bhun mhír 3 agus ionas go bhféadfaidh an tríú tír an comhéigean eacnamaíoch a scor ***agus an díobháil a rinneadh a chúiteamh***. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Ar ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir le bearta freagartha an Aontais arna nglacadh de bhun mhír 1. San fhógra sin, iarrfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, ar an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch a scor ***go pras***, tairgfidh sé réiteach a chaibidliú, agus cuirfidh sé ann tríú tír lena mbaineann ar an eolas go mbeidh feidhm beart freagartha an Aontais mura scoirtear den chomhéigean eacnamaíoch. | 3. Ar ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme, tabharfaidh an Coimisiún fógra don tríú tír lena mbaineann maidir le bearta freagartha an Aontais arna nglacadh de bhun mhír 1. San fhógra sin, iarrfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, ar an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch a scor ***láithreach***, tairgfidh sé caibidlíocht a dhéanamh ar réiteach ***agus ar chúiteamh na díobhála a rinne sí don Aontas agus do na Ballstáit***, agus cuirfidh sé an tríú tír lena mbaineann ar an eolas go mbeidh feidhm ag beart freagartha an Aontais mura scoirtear den chomhéigean eacnamaíoch ***laistigh de thréimhse nach faide ná 90 lá***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní rachaidh aon bheart freagartha de chuid an Aontais thar an leibhéal atá in-chomhthomhaiste leis an díobháil a bhain don Aontas nó do Bhallstát de bharr bhearta an tríú tír um chomhéigean eacnamaíoch, agus a thromchúisí atá bearta an tríú tír agus na cearta atá i gceist á gcur san áireamh. | 1. Ní rachaidh aon bheart freagartha de chuid an Aontais thar an leibhéal atá in-chomhthomhaiste leis an díobháil a bhain don Aontas nó do Bhallstát de bharr bhearta an tríú tír um chomhéigean eacnamaíoch, agus a thromchúisí atá bearta an tríú tír agus na cearta atá i gceist***, mar aon le tionchar na mbeart ar an Aontas nó ar Bhallstát,*** á gcur san áireamh. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tabharfaidh an Coimisiún fógra do*** |

| | |
|---|---|
| | ***Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle agus bearta freagartha an Aontais á gceapadh.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar na bearta um chomhéigean eacnamaíoch arna n-úsáid ag tríú tír agus a spreag bearta freagartha an Aontais, ar éifeachtacht na mbeart freagartha Aontais a glacadh agus ar a n-éifeachtaí ar leasanna an Aontais, agus coinneoidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas fúthu. | 1. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar na bearta um chomhéigean eacnamaíoch arna n-úsáid ag tríú tír agus a spreag bearta freagartha an Aontais, ar éifeachtacht bhearta freagartha an Aontais a glacadh agus ar a n-éifeachtaí ar leasanna an Aontais, agus coinneoidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas ***go rialta*** fúthu. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina gcuireann an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch ar fionraí, nó i gcás inar gá sin chun leasa an Aontais, féadfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm an bhirt freagartha sin de chuid an Aontais a chur ar fionraí fad a mhairfidh fionraíocht an tríú tír, nó a fhad is gá sin i bhfianaise leas an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún bearta freagartha an Aontais ar fionraí más rud é gur thairg an tríú tír lena mbaineann comhaontú, agus go bhfuil an comhaontú sin tugtha i gcrích ag an Aontas, ar comhaontú é chun an t-ábhar a chur faoi bhreithniú idirnáisiúnta tríú páirtí agus má chuireann an tríú tír a bearta um chomhéigean eacnamaíoch ar fionraí freisin. Trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún beart freagartha an Aontais a chur ar fionraí. | 2. I gcás ina gcuireann an tríú tír lena mbaineann an comhéigean eacnamaíoch ar fionraí ***agus i gcás inar cúitíodh an díobháil a rinneadh don Aontas agus do na Ballstáit***, nó i gcás inar gá sin chun leasa an Aontais, féadfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm an bhirt freagartha sin de chuid an Aontais a chur ar fionraí fad a mhairfidh fionraíocht an tríú tír, nó a fhad is gá sin i bhfianaise leas an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún bearta freagartha an Aontais ar fionraí más rud é gur thairg an tríú tír lena mbaineann comhaontú, agus go bhfuil an comhaontú sin tugtha i gcrích ag an Aontas, ar comhaontú é chun an t-ábhar a chur faoi bhreithniú idirnáisiúnta ceangailteach tríú páirtí agus má chuireann an tríú tír a bearta um chomhéigean eacnamaíoch ar fionraí freisin, ***agus freisin*** |

| | |
|---|---|
| Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). | ***más rud é gur cúitíodh an díobháil a rinneadh don Aontas agus do na Ballstáit de bharr an chomhéigin eacnamaíoch***. Trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, cinnfidh an Coimisiún beart freagartha an Aontais a chur ar fionraí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) i gcás inar scoireadh den chomhéigean eacnamaíoch; | (a) i gcás inar scoireadh den chomhéigean eacnamaíoch ***agus inar cúitíodh an díobháil a rinneadh***; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Agus é i mbun an bhailithe faisnéise faoi mhír 1, cuirfidh an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leo, go háirithe comhlachais tionscail, ar páirtithe leasmhara iad a ndéanann bearta freagartha an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann difear dóibh, agus déanfaidh sé amhlaidh do na Ballstáit atá rannpháirteach in ullmhú nó i gcur chun feidhme reachtaíochta lena rialaítear na réimsí lena mbaineann. | 3. Agus é i mbun an bhailithe faisnéise faoi mhír 1, cuirfidh an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas agus rachaidh sé i gcomhairle leo, go háirithe le comhlachais tionscail ***agus le ceardchumainn***, ar páirtithe leasmhara iad a ndéanann bearta freagartha an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann difear dóibh, agus déanfaidh sé amhlaidh do na Ballstáit atá rannpháirteach in ullmhú nó i gcur chun feidhme reachtaíochta lena rialaítear na réimsí lena mbaineann. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) tionchar na mbeart sin ar ghníomhaithe tríú tír nó ar iomaitheoirí, úsáideoirí nó tomhaltóirí an Aontais nó ar fhostaithe an Aontais, ar chomhpháirtithe gnó nó ar chliaint na ngníomhaithe sin; | (a) tionchar na mbeart sin ar ghníomhaithe tríú tír nó ar iomaitheoirí, ***ceardchumainn,*** úsáideoirí nó tomhaltóirí an Aontais nó ar fhostaithe an Aontais, ar chomhpháirtithe gnó nó ar chliaint na ngníomhaithe sin; |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar an bhfaisnéis a bhailítear le linn an chleachtaidh bailithe faisnéise. Beidh anailís ar na bearta atá beartaithe ag gabháil leis an dréachtghníomh cur chun feidhme nuair a chuirfear faoi bhráid an choiste é i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). | 5. Tabharfaidh an Coimisiún lánaird ar an bhfaisnéis a bhailítear le linn an chleachtaidh bailithe faisnéise. Beidh anailís ar na bearta atá beartaithe ***agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu*** ag gabháil leis an dréachtghníomh cur chun feidhme nuair a chuirfear faoi bhráid an choiste é i gcomhthéacs an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(2). ***Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis ghlacadh an chéad ghnímh cur chun feidhme faoin Rialachán seo nó ***sé*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cibé acu is luaithe, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus ar a chur chun feidhme agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. | 2. Tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis ghlacadh an chéad ghnímh cur chun feidhme faoin Rialachán seo nó ***4*** bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cibé acu is luaithe, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an Rialachán seo agus ar a chur chun feidhme, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ***Ina theannta*** |

***sin, agus é ag tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, soláthróidh an Coimisiún nuashonruithe maidir le forbairt an Rialacháin seo.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) srianta a fhorchur ar infheistíocht arna déanamh sa tríú tír ag oibreoirí eacnamaíocha ón Aontas Eorpach.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lb) bearta lena ndéantar difear do réimsí a bhaineann leis an mbeartas iomaíochta a fhorchur;*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(lc) eisiúint víosaí a chur ar fionraí agus tarscaoileadh táillí roghnacha a chur ar fionraí;*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ld) srianta a fhorchur ar onnmhairiú ítimí agus teicneolaíochta a meastar luach*** |

***straitéiseach a bheith ag baint leo chuig an tríú tír.***

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | An tAontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha |
| **Tagairtí** | COM(2021)0775 – C9-0458/2021 – 2021/0406(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | INTA<br>27.1.2022 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>27.1.2022 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Markéta Gregorová<br>25.1.2022 |
| **Pléite sa choiste** | 14.6.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 13.7.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 57<br>–: 5<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Maria Arena, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Anna Bonfrisco, Reinhard Bütikofer, Fabio Massimo Castaldo, Susanna Ceccardi, Anna Fotyga, Michael Gahler, Kinga Gál, Giorgos Georgiou, Klemen Grošelj, Balázs Hidvéghi, Peter Kofod, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, Jaak Madison, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Matjaž Nemec, Gheorghe-Vlad Nistor, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Tonino Picula, Manu Pineda, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Tineke Strik, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Idoia Villanueva Ruiz, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Bernhard Zimniok |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Nicola Beer, Robert Biedroń, Vladimír Bilčík, Markéta Gregorová, Rasa Juknevičienė, Alessandra Moretti, Paulo Rangel, Ramona Strugariu, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Colm Markey, Maria Spyraki |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 57 | + |
| --- | --- |
| ECR | Anna Fotyga, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| ID | Anna Bonfrisco, Susanna Ceccardi, Peter Kofod, Jaak Madison |
| NI | Fabio Massimo Castaldo |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Anna-Michelle Asimakopoulou, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Michael Gahler, Rasa Juknevičienė, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Colm Markey, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Paulo Rangel, Maria Spyraki, Isabel Wiseler-Lima, Javier Zarzalejos |
| RENEW | Petras Auštrevičius, Nicola Beer, Klemen Grošelj, Ramona Strugariu, Dragoş Tudorache, Hilde Vautmans, Salima Yenbou |
| S&D | Maria Arena, Robert Biedroń, Dietmar Köster, Pedro Marques, Sven Mikser, Alessandra Moretti, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Tonino Picula, Giuliano Pisapia, Thijs Reuten, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Elena Yoncheva |
| VERTS/ALE | François Alfonsi, Reinhard Bütikofer, Markéta Gregorová, Mounir Satouri, Jordi Solé, Tineke Strik, Viola von Cramon-Taubadel, Thomas Waitz |

| 5 | - |
| --- | --- |
| ID | Thierry Mariani, Bernhard Zimniok |
| NI | Kinga Gál, Balázs Hidvéghi, Kostas Papadakis |

| 3 | 0 |
| --- | --- |
| AN CHLÉ | Giorgos Georgiou, Manu Pineda, Idoia Villanueva Ruiz |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh